# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Gnó

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**


Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

| Roinn A | 90 marc |
|---|---|

**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc**.

**Ceist 1**

Taispeántar sa ghraf thíos caiteachas teaghlaigh Mhic Coitir:




**(i)** Cén cineál caiteachais ar ar caitheadh an céatadán ab airde den chaiteachas iomlán i dteaghlach Mhic Coitir?

| |
|---|
| Caiteachas Seasta |

**(ii)** Tabhair sampla **amháin** de gach cineál caiteachais thíos.

| |
|---|
| **Caiteachas seasta:** Aisíocaíochtaí morgáiste/iasachta, cíos, cáin réadmhaoine, mótarcháin, ceadúnas teilifíse, árachas [préimheanna], íocaíochtaí buanordaithe. |
| **Caiteachas neamhrialta:** Earraí grósaeireachta, éadaí, breosla mótair, bille soilse agus teasa/leictreachais, bille fóin, deisiúcháin, costais oideachais, seirbhísiú cairr. |
| **Caiteachas lánroghnach:** Siamsaíocht, laethanta saoire, bronntanais, síntiúis teilifíse, billí bialainne, uasghrádú go earraí leictreonacha tí atá costasach, béilí beir leat, cainéal scannán. |

**Ceist 2**

Líon isteach na focail atá ar iarraidh thíos.

| | |
|---|---|
| **1. Láidreachtaí** | **2. Laigí** |
| **LLDB** | |
| **3. Deiseanna** | **4 Bagairtí** |

**Ceist 3**
Bain úsáid as an eolas atá tugtha sa sliocht as sonrasc thíos chun na trí spás bhána a líonadh.

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | 30,000 |
| Lascaine thrádála (10%) | 3,000 |
| Fo-iomlán | 27,000 **2m** |
| CBL (23%) | 6,210 **2m** OF |
| Iomlán (CBL san áireamh) | 33,210 **2m** OF |

**Ceist 4**

Luaigh **dhá** bhuntáiste d'Éirinn as a bheith ina ball den Aontas Eorpach.

| |
|---|
| Le cruthú **mhargadh aonair na hEorpa** (SEM) éascaítear saorghluaiseacht earraí & seirbhísí, /caipitil agus / saoránach. |
| Laghdaíodh costais d'allmhaireoirí agus d'onnmhaireoirí mar gur **cuireadh deireadh le bacainní custaim**. |
| Soláthraíonn an tAontas Eorpach **margadh níos mó d'onnmhaireoirí** inar féidir le ghnólachtaí Éireannacha trádáil faoi shaoirse i margadh atá i bhfad níos mó ná ár margadh intíre. |
| Tá an **t-airgeadra céanna** ag Éirinn agus atá ag a lán bhallstáit AE – cuireann sé sin deireadh le riosca rátaí malairte nuair a easpórtálann gnólachtaí Éireannacha go dtí na tíortha sin. |
| Faigheann Éire suimeanna móra **maoinithe ón Aontas Eorpach** a chuidigh lenár mbonneagar agus lenár ngeilleagar a fhorbairt. |
| Mar gheall ar **rátaí úis níos ísle** tá sé níos saoire do ghnólachtaí Éireannacha a ngnó a leathnú. |
| Is áit mhealltach í Éire d'**infheistíocht dhíreach eachtrach** anois. Roghnaigh a lán gnólachtaí eachtracha a gceanncheathrú Eorpach a lonnú in Éirinn le gur féidir leo rochtain a fháil ar an SEM. |
| Tá an **comhbheartas talmhaíochta (CBT)** ina mhórfhoinse maoinithe d'earnáil talmhaíochta na hÉireann. |
| **Soláthar poiblí:** Is féidir le gnólachtaí Éireannacha tairiscint a dhéanamh le haghaidh conarthaí rialtais i mballstáit eile. |

**Ceist 5**

Sampla d’fhiontar sóisialta is ea Béilí ar Rothaí.

LÍONRA NÁISIÚNTA **BÉILÍ** ar **ROTHAÍ**

Pléigh **dhá** ról a bhíonn ag fiontar sóisialta sa tsochaí.

| |
|---|
| Músclaíonn fiontair shóisialta feasacht/tugann siad aghaidh ar shaincheisteanna sóisialta - easpa dídine etc. |
| Cuireann fiontair shóisialta ardán ar fáil do dhaoine chun obair dheonach a dhéanamh agus scileanna nua a fhorbairt. |
| Cuireann fiontair shóisialta daoine agus an pobal roimh ghnóthachan príobháideach e.g. béilí ar rothaí. |
| Tairgeann fiontair shóisialta seirbhísí go minic nach soláthraíonn an rialtas nó an earnáil phríobháideach e.g. FoodCloud. |
| Soláthraíonn fiontair shóisialta fostaíocht, go háirithe i bpobail áitiúla. |

**Ceist 6**

Comhardaigh an cuntas bainc seo a leanas agus tabhair anuas an t-iarmhéid ag deireadh na míosa.

| Dochar | | **Cuntas Bainc** | | | Sochar |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
| 2021 | | € | 2021 | | € |
| DF 1 | Iarmhéid t/a | 550 | DF 10 | Pá | 300 |
| 12 DF | Díolacháin airgid | 340 | 20 DF | Ceannacháin airgid | 200 |
| | | | **31 DF (1m)** | **Iarmhéid t/a** | **390(1m) OF** |
| | | **890 (1m)** | | | **890 (1m)** |
| **1 Samha (1m)** | **Iarmhéid t/a** | **390(1m) OF** | | | |

**Ceist 7**



Nuair a bhíonn rátaí úis ard spreagtar coigilt, agus nuair a bhíonn rátaí úis íseal spreagtar iasachtaíocht.

**(i)** Cad is ús ann?

| |
|---|
| *Coigilt:* Is ionann ús agus an luach saothair a thugann institiúid airgeadais as airgead a choigilt leo. |
| *Iasacht a fháil:* Is ionann ús agus an (táille) costas [airgeadais] a bhaineann le hiasacht airgid a fháil. |
| Sloinntear ús go ginearálta mar chéatadán, amhail ráta céatadánach bliantúil (APR). |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a spreagtar iasachtaíocht nuair a bhíonn na rátaí úis íseal.

| |
|---|
| Nuair a bhíonn rátaí úis íseal ciallaíonn sé go bhfuil costas na hiasachta íseal. Is mó seans go bhfaighidh daoine aonair agus gnólachtaí iasacht airgid mar nach mbeidh orthu a oiread airgid a íoc ar ais nuair atá na rátaí úis íseal i.e. aisíocaíochtaí níos ísle. |

**Ceist 8**




**(i)** Sainaithin **dhá** thairbhe don Gheilleagar áitiúil a bhaineann le bheith ag siopadóireacht go háitiúil.

| |
|---|
| **Fostaíocht:** Soláthraíonn gnólachtaí áitiúla fostaíocht do dhaoine áitiúla. |
| **Feabhas ar an gcaighdeán maireachtála:** Beidh níos mó ioncam indiúscartha ag fostaithe a fhostaíonn an gnólacht, rud a ardóidh a gcaighdeán maireachtála agus d'fhéadfaidís é a chaitheamh go háitiúil. |
| **Éifeacht iolraitheora:** Beidh caiteachas méadaithe sa phobal áitiúil mar thoradh ar ioncam breise. Iolraítear tionchar na híocaíochta tosaigh de réir mar a théann sé thart ar an bpobal áitiúil. |

**(ii)** Tabhair cúis **amháin** a bhféadfadh tomhaltóir rogha a dhéanamh **gan** dul ag siopadóireacht go háitiúil.

| |
|---|
| **Níos lú rogha / infhaighteachta** - ciallaíonn siopadóireacht i bpobal áitiúil go minic go mbeidh níos lú roghanna ann don tomhaltóir mar go mb'fhéidir nach bhfuil an oiread siopaí sa phobal sin. |
| **D'fhéadfadh earraí agus seirbhísí a bheith níos daoire** – is minic gur siopaí beaga iad gnólachtaí áitiúla agus ní dhéanann na gnólachtaí sin táirgí a olltáirgeadh agus mar dá bhrí sin ní bhíonn sé d'acmhainn acu dul san iomaíocht le gnólachtaí idirnáisiúnta níos mó. |

**Ceist 9**

Ar an 31 Márta 2022, rinne Marian Nowak, úinéir Cosmaidí Cóisire Teo., €5,200 de dhíolacháin airgid a thaisceadh. Ní raibh aon CBL ar na díolacháin sin. Breac na hidirbhearta sin sna mórleabhair thíos:

**Dochar** **Cuntas Díolachán** **Sochar**

| **Dáta** | **Sonraí** | **Iomlán (€)** | **Dáta** | **Sonraí** | **Iomlán (€)** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 31/03/22**(1m)** | Banc/Airgead Tirim | 5,200 **(2m)** |
| | | | | | |

**Dochar** **Cuntas Bainc/Airgid** **Sochar**

| **Dáta** | **Sonraí** | **Iomlán (€)** | **Dáta** | **Sonraí** | **Iomlán (€)** |
|---|---|---|---|---|---|
| 31/03/22 **(1m)** | Díolacháin ar Airgead | 5,200 **(2m)** | | | |
| | | | | | |

**Ceist 10**

Léigh na gearáin seo a leanas ó thomhaltóirí agus ansin lean na treoracha thíos:

| | Gearán |
|---|---|
| **A** | Níor laghdaigh mo bhanc a rátaí iasachta de réir rialacháin AE |
| **B** | Táim ag fanacht ceithre seachtaine ar an gcuideachta leictreachais mo theach a nascadh leis an soláthar príomhlíonra |
| **C** | Déanann mo chuideachta fóin póca breis airgid a ghearradh orm gach mí |

Cuir A, B agus C sa bhosca ceart thíos chun na gearáin thuas a mheaitseáil leis an eagraíocht ar chóir don tomhaltóir dul i dteagmháil léi.

| An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide | An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh |
|---|---|---|
| **A** | **C** | **B** |

**Ceist 11**



Tá méadú ó €33.50 go €41.00 in aghaidh an tona tagtha ar Cháin Charbóin.  Tá an rialtas ag súil le €108 milliún breise in ioncam a bhailiú in 2022 de bharr an mhéadaithe sin.

**(i)** Cad é an tairbhe shóisialta a bhaineann muintir na hÉireann as an méadú ar cháin charbóin?

| |
|---|
| Pionós is ea cáin charbóin ar gach breosla a astaíonn Co2 nuair a dhóitear é. Tríd an gcáin charbóin a mhéadú cuirfear iallach ar dhaoine foinsí eile fuinnimh níos inbhuanaithe a úsáid e.g. carranna leictreacha.  Ciallóidh sé sin níos lú truailleán san aer agus feabhsóidh sé cáilíocht an aeir do mhuintir na hÉireann. |
| Is féidir ioncam a bhailíonn an rialtas a úsáid chun feabhas a chur ar leas sóisialta mhuintir na hÉireann i.e. saoráidí áineasa a chruthú. |
| Is mó seans go rachaidh daoine ag siúl nó ag rothaíocht, rud a fheabhsóidh a bhfolláine agus a sláinte. |

**(ii)** Sainaithin iad siúd a mbeidh tionchar diúltach ag an méadú sin ar cháin charbóin orthu.

| |
|---|
| Aon duine a úsáideann breoslaí a astaíonn Co2 nuair a dhóitear é. E.g., ola, gás, gual nó móin a úsáid chun do theach a théamh. |
| Díosal a úsáid chun do charr a thiomáint. Beidh tionchar diúltach aige sin ar fheirmeoirí in Éirinn chomh maith. |

**Ceist 12**

Cuir na doiciméid ghnó seo a leanas san ord ceart: (Tá dhá cheann acu déanta cheana féin.)

Ordú, Íocaíocht, Litir Fiosrúcháin, Sonrasc


| | |
|---|---|
| 1. | Litir Fiosrúcháin |
| 2. | Ordú |
| 3. | Sonrasc |
| 4. | Íocaíocht |

**Ceist 13**

Críochnaigh an sliocht seo a leanas as buiséad teaghlaigh Uí Dhubhláin i gcomhair trí mhí.

| Míonna | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Airgead glan | 150 | (300) | (150) | (300) |
| Airgead tosaigh | 210 | 360 | **60 (1m)** | 210 |
| Airgead deiridh | **360 (3m)** | 60 | **(90) (1m)** | **(90) (1m)** |

**Ceist 14**




Bunaithe ar an ngraf thuas, taispeáin cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Ba é an ráta ba ghaire don lánfhostaíocht an ráta dífhostaíochta in 2019. | ✓ | |
| In 2020, bhí laghdú ar an ráta dífhostaíochta ón mbliain roimhe sin. | | ✓ |
| Bhí treocht dhearfach sa ráta dífhostaíochta do 2021 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. | ✓ | |

**Ceist 15**

***An tseantír: Bí réidh d'aosú na hÉireann***



curtha in oiriúint ó *The Irish Times*

**(i)** Ainmnigh roinn rialtais a mbeidh tionchar uirthi ag daonra na hÉireann a bheith níos sine.

| |
|---|
| An Roinn Sláinte/ an Roinn Coimirce Sóisialaí/ an Roinn Airgeadais/ an Roinn Iompair /an Roinn Oideachais/ an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe/ an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. |

**(ii)** Mínigh **dhá** shlí a méadófar caiteachas an rialtais mar gheall ar an athrú sin ar an bpróifíl aoise.

| |
|---|
| Beidh ar an Rialtas níos mó infheistíochta a dhéanamh in ospidéil agus i dtrealamh leighis mar gheall ar an éileamh níos mó ar sheirbhísí. |
| Beidh éileamh níos mó ar phinsin ar an Rialtas mar de réir mar a éireoidh daoine as beidh siad i dteideal pinsean stáit ranníocach nó neamhranníocach. |
| Tá gach duine os cionn 66 bliain d'aois i dteideal na scéime Saorthaistil. Ciallóidh sé sin go mbeidh ar an Rialtas níos mó infheistíochta a dhéanamh in Bus Éireann/Iarnród Éireann chun déileáil le paisinéirí breise. |
| Tá cárta cuairte dochtúra teaghlaigh ar fáil do gach duine atá os cionn 70 bliain d'aois, rud a chiallóidh go mbeidh ar an Rialtas maoiniú a mhéadú do Dhochtúirí Teaghlaigh chun freastal ar éileamh daonra atá ag dul in aois. |

| Roinn B | 180 marc |
|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**Ceist 16**

**(a)** Tá Ó Leocháin Teo., miondíoltóir mór faisin, tar éis a chuid siopaí a dhúnadh le déanaí agus a ghnó iomlán a aistriú ar líne, rud a d’fhág fostaithe gan phost ná pacáistí iomarcaíochta. Is mar gheall air sin atá aighneas caidrimh thionsclaíoch achrannach ar siúl idir an gnólacht agus a iarfhostaithe.

Caidreamh Tionsclaíoch

**(i)** Mínigh an téarma caidreamh tionsclaíoch. **(3m)**

| |
|---|
| Is éard is caidreamh tionsclaíoch ann ná an caidreamh atá idir fostóirí agus a gcuid fostaithe san ionad oibre. |
| Bíonn meanma ard mar thoradh ar dhea-Chaidreamh Tionsclaíoch / bíonn níos lú táirgiúlachta mar thoradh ar dhroch-Chaidreamh Tionsclaíoch. |

**(ii)** Agus do chuid eolais faoi chaidreamh tionsclaíoch á úsáid agat, cuir tic (✓) sa bhosca chun na habairtí seo a leanas a mheaitseáil leis na téarmaí cearta. **(9m)**

| | Ionadaí Ceardchumainn | An Chúirt Oibreachais | Ceardchumann |
|---|---|---|---|
| Eagraíocht a dhéanann ionadaíocht d’oibrithe agus a chosnaíonn na cearta atá acu. | | | ✓ |
| Fostaí atá roghnaithe ag oibrithe chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh in idirphlé leis an bhfostóir. | ✓ | | |
| Déanann sí aighnis a iniúchadh agus réiteach a mholadh i bpróiseas ar a dtugtar eadráin. | | ✓ | |

**(iii)** Má theipeann ar an gcaidreamh tionsclaíoch idir an fostóir agus an fostaí, féadfaidh fostaithe dul i mbun gníomhaíocht thionsclaíoch. Mínigh **dhá** chineál gníomhaíochta tionsclaíche a bhféadfadh fostaithe dul ina bun. **(2 x 3m)**

| |
|---|
| **Stailc oifigiúil** - diúltaíonn fostaithe oibriú dá bhfostóir. Ní mór don cheardchumann ballóid rúnda a thionól / fógra seachtaine ar a laghad a thabhairt faoi ghníomhaíocht stailce/ chun stailc oifigiúil a dhéanamh de. |
| **Stailc neamhoifigiúil -** ní thacaíonn an Ceardchumann leis na stailceanna seo - ní thugtar fógra don fhostóir. Ní bhfaighidh oibrithe pá stailce ón gceardchumann i gcás stailc neamhoifigiúil. |
| **Tobstailc neamhoifigiúil -** Is stailc neamhoifigiúil é seo ina n-iarrann oibrithe stailc go tobann agus ina siúlann siad as an obair mar fhreagairt ar theagmhas gan choinne de ghnáth. |
| **Oibriú de réir rialach-** Ní dhéanann oibrithe ach go díreach a bhfuil sa sainchuntas poist acu agus diúltaíonn siad d'aon rud lasmuigh de sin. |
| **Moilleadóireacht**- déanann na hoibrithe a gcuid oibre fós ach i bhfad níos moille. |
| **Cosc ar ragobair-** Diúltaíonn oibrithe ragobair a dhéanamh. |
| **Stailc chomharthach-** Stopann oibrithe ag obair ar feadh tréimhse ghairid ama e.g. 4 uair an chloig**.** Cuirfidh sé sin isteach ar an sreabhadh oibre an lá a tharlaíonn sé. |
| **Stailc chomhbhá-** Stailc chun tacú le hoibrithe stailce eile. Mar shampla, is féidir le dochtúirí dul ar stailc chun tacú le haltraí. |

**(b)** Cé go bhfuil a chuid siopaí go léir dúnta ag Ó Leocháin Teo., bíonn earraí á ndíol acu i gcónaí ar líne.




**(i)** Pléigh **dhá** chostas a laghdaíodh de bharr gur aistrigh Ó Leocháin Teo. a ngnó iomlán ar líne amháin. **(2 x 3m)**

| |
|---|
| Costais sheasta laghdaithe: ní bheidh gá le cíos/rátaí/árachas/tuarastail a íoc le bainisteoirí stórais a thuilleadh. |
| Costais athraitheacha laghdaithe: bille pá laghdaithe/solas agus teas laghdaithe etc. |

**(ii)** D'fhéadfadh méadú ar an siopadóireacht ar líne an tobcheannach a laghdú.

Mínigh an téarma tobcheannach. **(3m)**

| |
|---|
| Is ionann tobcheannach agus nuair a cheannaíonn tomhaltóirí earraí ar bhealach neamhphleanáilte nó 'ar ala |
| na huaire'. Cruthaíonn sé an baol a bhaineann le ceannach earraí nach bhfuil de dhíth agus d'fhéadfadh siad dul amú nó bheith ina droch-luach ar airgead. |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a úsáideann gnólachtaí lena gcuid custaiméirí a spreagadh chun tobcheannach a dhéanamh agus iad ag siopadóireacht sa siopa. **(2 x 3m)**


| |
|---|
| **Tairiscintí-** e.g. spreagann tairiscintí 3 cinn ar phraghas 2 cheann custaiméirí chun níos mó táirgí a cheannach ná mar a theastaíonn uathu. |
| **Lascainí agus díolacháin -** ceannaíonn tomhaltóirí earra go minic toisc go bhfuil lascaine air beag beann ar an dteastaíonn sé uathu nó nach dteastaíonn. |
| **Scéimeanna cártaí dílseachta agus luach saothair**- tugann ollmhargaí dearbháin le haghaidh lascaine airgid nuair a chaitear méid airithe airgid - chun na dearbháin sin a úsáid is minic a chaitheann tomhaltóirí níos mó airgid ná mar a bhí beartaithe acu ar dtús. |
| **Milseáin/irisleabhar agus earraí beaga eile a chur ag an gcuntar amach** – agus custaiméirí sa scuaine chun íoc bíonn siad ag breathnú thart, má chuirtear táirgí in aice leis an gcuntar amach cuireann sé go mór le tobcheannach. |
| |

**(c)** D’éirigh le Sam, iarfhostaí de chuid Uí Leocháin Teo., post a fháil mar cheannaitheoir earraí leictreachais lena n-athdhíol do mhiondíoltóir earraí leictreachais. Mar cheannaitheoir stoic lena athdhíol, is gá dóibh an t-éileamh ar tháirgí éagsúla a thuar chun a chinntiú go bhfuil an líon ceart earraí sa siopa chun freastal ar éileamh tomhaltóirí.

**(i)** Agus an t-eolas sa tábla thíos á úsáid agat, tarraing cuar an éilimh agus cuar an tsoláthair i gcás PlayStation 5 (PS5).

| Praghas | An Méid a Iarradh (000 aonad) | An Méid a Soláthraíodh (000 aonad) |
|---|---|---|
| €300 | 1,000 | 200 |
| €350 | 800 | 400 |
| €400 | 600 | 600 |
| €450 | 400 | 800 |
| €500 | 200 | 1,000 |

**(12m)**



**(ii)** Úsáid do léaráid chun an praghas cothromaíochta agus an chainníocht chothromaíochta a shainaithint.

Scríobh do chuid freagraí sa tábla thíos. **(5m)**

| | |
|---|---|
| Praghas cothromaíochta an PS5. | €400 |
| Cainníocht chothromaíochta an PS5 | 600,000 aonad |

**(iii)** Is tosca iad an praghas ar earraí ionaid agus ar earraí comhlántacha a mbíonn tionchar acu ar leibhéal an éilimh ar tháirge.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu atá ha hearraí seo a leanas ina n-earraí ionaid nó ina n-earraí comhlántacha i dtaca leis an PS5 de. **(8m)**

| Earra | Earra ionaid | Earra comhlántach |
|---|---|---|
| Xbox | ✓ | |
| Rialtán PS5 | | ✓ |
| Gléas cinn | | ✓ |
| Cathaoir chluichíochta | | ✓ |

**(iv)** Nuair a leanann an t-éileamh ar tháirge de bheith ard d'ainneoin an soláthar a bheith teoranta, is minic a théann tomhaltóirí i muinín an mhargaidh dhuibh, ar a dtugtar an scáthgheilleagar freisin. **(2m)**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu atá na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach.

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tá sé mídhleathach a bheith páirteach sa mhargadh dubh | ✓ | |
| Téann an margadh dubh chun tairbhe do ghnólachtaí in Éirinn | | ✓ |

**Ceist 17**

Tógadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair Uí Chadáin Teo. an 31/12/2021, deireadh na bliana airgeadais acu. 400,000 gnáthscair ar luach €1 an ceann is ea an scairchaipiteal údaraithe.

Comhardú Trialach Uí Chadáin Teo. ar an 31/12/2021

| | Dochar | Sochar |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin airgid | | 270,000 |
| Ceannacháin airgid | 165,000 | |
| Carraeireacht isteach | 1,000 | |
| Stoc 01/01/2021 | 6,000 | |
| Teileafón agus leathanbhanda | 2,500 | |
| Solas agus teas | 11,500 | |
| Cíos | 16,000 | |
| Pá | 43,500 | |
| Caiteachais mhargaíochta | 8,800 | |
| Díbhinní a íocadh | 10,000 | |
| Foirgnimh | 220,000 | |
| Trealamh | 40,000 | |
| Airgead ar láimh | 5,700 | |
| Féichiúnaithe | 12,000 | |
| Creidiúnaithe | | 9,000 |
| Rótharraingt bhainc | | 5,000 |
| Scairchaipiteal eisithe | | 160,000 |
| Comhardú brabúis agus caillteanais 01/01/2021 | | 17,000 |
| Iasacht naoi mbliana | | 81,000 |
| | 542,000 | 542,000 |

Soláthraíodh an t-eolas breise seo a leanas ar an 31/12/2021:

- Stoc 31/12/2021, €5,000
- Trealamh le dímheas de 20%

Dímheas: €40,000 x 20% = **€8,000**

**(a)** Líon isteach an Ráiteas Ioncaim le haghaidh Uí Cadáin Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2021. **(17m)**

| **Ráiteas Ioncaim le haghaidh Uí Cadáin Teo don bhliain dar críoch an 31/12/2021** | | | |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Díolacháin airgid | | | 270,000 |
| **Lúide Costas Díolachán** | | | |
| Stoc 01/01/2021 | | 6,000 | |
| Ceannacháin airgid | | 165,000 | |
| Móide carraeireacht isteach | | 1,000 | |
| | | 172,000 | |
| Lúide stoc 31/12/2021 | | 5,000 | |
| Costas na n-earraí a díoladh | | | 167,000 |
| **Brabús Comhlán** | | | 103,000 |
| **Lúide Speansais: (1m)** | | | |
| Teileafón agus Leathanbhanda | | 2,500 **(1m)** | |
| Solas & Teas | | 11,500 **(1m)** | |
| Cíos | | 16,000 **(1m)** | |
| Pá | | 43,500 **(1m)** | |
| Caiteachais mhargaíochta | | 8,800 (**1m)** | |
| Dímheas trealaimh | | 8,000 **(3m)** OF | 90,300 |
| **Glanbhrabús (1m)** | | | 12,700**(2m) OF** |
| Lúide Díbhinní íoctha | | | 10,000**(1m)** |
| | | | 2,700 |
| Cuir iarmhéid tosaigh B&C 01/01/21 / Cúlchistí oscailte leis | | | 17,000**(1m)** |
| **Iarmhéid B&C 31/12/21 / Cúlchistí deiridh/brabús coinnithe/tuilleamh (1m)** | | | 19,700**(2m) OF** |

**(b)** Críochnaigh an Ráiteas maidir le Staid Airgeadais Uí Chadáin Teo. ar 31/12/2021. **(24m)**

| **Staid Airgeadais Uí Chadáin Teo. ar 31/12/2021** | | | |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| | **Costas** | **Dímheas** | **N.B.V.** |
| **Sócmhainní Seasta (1m)** | | | |
| Foirgnimh | 220,000**(1m)** | - | 220,000**(1m)** |
| Trealamh | 40,000 **(1m)** | 8,000**(1m) OF** | 32,000 **(1m) OF** |
| | 260,000 | 8,000 | 252,000 |
| **Sócmhainní Reatha (1m)** | | | |
| Stoc Deiridh/Stoc 31/12/21 | 5,000 **(1m)** | | |
| Airgead ar láimh | 5,700 **(1m)** | | |
| Féichiúnaithe | 12,000**(1m)** | 22,700 | |
| **Dliteanais/Creidiúnaithe reatha atá dlite laistigh de 1 bhliain (1m)** | | | |
| Creidiúnaithe | 9,000**(1m)** | | |
| Rótharraingt Bhainc | 5,000**(1m)** | 14,000 | |
| **Caipiteal Oibre (1m)** | | | 8,700(**1m) OF** |
| **Glansócmhainní Iomlána (1m)** | | | **260,700(1m) OF** |
| **Maoinithe ag: (1m)** | | | |
| | Údaraithe | Eisithe | |
| Scairchaipiteal: Gnáthscaireanna €1 | 400,000**(1m)** | 160,000**(1m)** | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/21 / Cúlchistí deiridh/brabús coinnithe | | 19,700**(1m) OF** | |
| **Dliteanais/Creidiúnaithe fadtéarmacha atá dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain** | | | |
| Iasacht naoi mbliana | | 81,000**(1m)** | |
| **Caipiteal in Úsáid (1m)** | | | **260,700(1m) OF** |

**(c)**

**(i)** Tá sé beartaithe ag Ó Cadáin Teo. grianphainéil a shuiteáil.



Tabhair breac-chuntas ar an mbuntáiste comhshaoil a bhaineann le grianphainéil a bheith á n-úsáid ag Ó Cadáin Teo. chun leictreachas a ghiniúint dá ngnólacht. **(6m)**

| |
|---|
| Astaíochtaí Carbóin laghdaithe trína leictreachas féin a ghiniúint. |
| Laghdú ar an truailliú aeir. Is féidir le leictreachas ó bhreoslaí iontaise gáis dé-ocsaíde carbóin agus mheatáin atá díobhálach a ghiniúint, rud a mbíonn droch-chaighdeán aeir mar thoradh air. |
| Spleáchas níos lú ar bhreoslaí iontaise / fuinneamh in-athnuaite a mbeidh todhchaí níos cobhsaí mar thoradh air / nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol. |
| Cuidíonn sé leis an athrú aeráide a mhoilliú. Ní chuireann fuinneamh na gréine leis an athrú aeráide. |

**(ii)** Tá Ó Cadáin Teo. ag déanamh iarratais ar dheontas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun cuidiú le maoiniú na ngrianphainéal.

seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA hÉIREANN

Mínigh an téarma deontas. **(6m)**

| |
|---|
| Is éard is deontas ann na suim airgid a thugtar do dhuine aonair nó do ghnólacht nach gá a aisíoc fad is a úsáidtear é chun na críche a bhí beartaithe dó. |
| Is iad an Rialtas, Oifigí Fiontair Áitiúla & an tAontas Eorpach nó an SEAI a thugann deontais de ghnáth. |

**(iii)** Tá sé beartaithe ag Ó Cadáin Teo. a gcuid táirgí a easpórtáil chuig an Ríocht Aontaithe (RA) agus chuig an Aontas Eorpach (AE).
Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólachtaí Éireannacha as an Trádáil Idirnáisiúnta. **(7m)**

| |
|---|
| **Díolacháin / brabúis mhéadaithe**: Tá margadh na hÉireann measartha beag - is féidir díolacháin a mhéadú má onnmhairíonn gnólachtaí Éireannacha |
| **Riosca a scaipeadh:** Is féidir le gnó a riosca a scaipeadh trí gan bheith ag brath ar mhargadh na hÉireann amháin. |
| **Amhábhair:** Caithfidh gnólachtaí Éireannacha roinnt amhábhar a allmhairiú mar ní dhéanaimid iad a tháirgeadh in Éirinn e.g. ola |
| **Costais a laghdú:** Caithfidh gnólachtaí Éireannacha táirgeadh a mhéadú chun éileamh ó thíortha thar lear a shásamh. Dá mhéad táirgí a dhéantar is ea is saoire a bheidh sé gach ceann a dhéanamh. Tugtar barainneachtaí scála air sin. |

**Ceist 18**

**(a)** Cónaíonn Caoimhín lena thuismitheoirí in Ioma i gContae Laoise. D'éirigh leis sa scrúdú tiomána le déanaí agus cheannaigh sé carr. Tá sé ag féachaint anois ar na roghanna atá aige maidir le mótarárachas a fháil.

**(i)** Léigh na sainmhínithe seo a leanas ar roinnt de phrionsabail an árachais. **(9m)**

| | Míniú |
|---|---|
| A | Ní féidir brabús a dhéanamh as árachas |
| B | Nuair a bhíonn an riosca céanna faoi árachas ag níos mó ná árachóir amháin, déanann siad an costas ar aon éileamh a roinnt eatarthu |
| C | Nuair a dhéantar iarratas ar árachas, ní mór gach fíric ábhartha a bhaineann leis an bpolasaí a nochtadh |

Cuir A, B agus C sa bhosca ceart thíos chun na sainmhínithe thuas a mheaitseáil leis an bprionsabal árachais ceart**.**

| Meon lánmhaith | Slánaíocht | Ranníocaíocht |
|---|---|---|
| **C** | **A** | **B** |

Tá Caoimhín ag déanamh taighde ar pholasaithe éagsúla árachais i gcomhair cairr.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar mhodh taighde **amháin** a d'fhéadfadh Caoimhín a úsáid chun an luachan is fearr a fháil ar pholasaí árachais. **(3m)**

| |
|---|
| **Suíomhanna gréasáin comparáide praghsanna:** Déanann bróicéirí ar líne comparáid idir praghsanna na bpolasaithe éagsúla atá ar fáil agus cuireann siad comhairle ar fáil maidir leis an bpolasaí is fearr don chustaiméir. |
| **Bróicéir árachais:** Díolann bróicéir árachais árachas do roinnt cuideachtaí. Is féidir leo comhairle a thabhairt maidir leis an gcuideachta árachais is fearr a oireann do riachtanais duine. |
| **Déan teagmháil le cuideachtaí éagsúla le haghaidh luachana:** D'fhéadfadh Caoimhín teagmháil a dhéanamh le roinnt cuideachtaí árachais éagsúla le haghaidh luachana, na luachana a chur i gcomparáid lena chéile chun an polasaí is fearr dó a fháil. |
| **Comhairle a iarraidh ar theaghlach agus ar chairde:** D'fhéadfadh Caoimhín ceist a chur ar a theaghlach agus ar a chairde cad iad na cuideachtaí árachais agus na polasaithe atá roghnaithe acusan. |

**(iii)** Bunaithe ar do fhreagra thuas, cuir in iúl le tic (✓) cé acu atá an modh sin ina shampla de thaighde príomhúil nó de thaighde tánaisteach, agus tabhair cúis le do fhreagra. **(6m)**

| |
|---|
| Taighde príomhúil nó Taighde tánaisteach glacadh leis bunaithe ar fhreagra thuas. |
| Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir go mbaineann gné éigin de thaighde príomhúil atá nasctha le freagra ó thaighde Príomhúil le faisnéis a bhailiú trí mhodhanna taighde féindéanta/Baineann sé le heolas pearsanta a fháil ó dhaoine aonair/faisnéis nua cothrom le dáta. |
| Ba chóir go léireodh an dalta gné éigin de thaighde tánaisteach atá nasctha le freagra ó (ii). Is éard atá i gceist le taighde tánaisteach ná úsáid a bhaint as eolas a bailíodh ó staidéar a rinneadh roimhe seo/Baineann sé le scrúdú a dhéanamh ar eolas atá ann cheana féin. |
| Cúis: Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir go mbaineann gné éigin de thaighde príomhúil atá nasctha le freagra ó thaighde Príomhúil le faisnéis a bhailiú trí mhodhanna taighde féindéanta/Baineann sé le heolas pearsanta a fháil ó dhaoine aonair/faisnéis nua cothrom le dáta. |

**(iv)** Tabhair breac-chuntas ar fhreagracht **amháin** atá ar Chaoimhín mar thomhaltóir agus é ag cuardach árachais. **(3m)**

| |
|---|
| Ba chóir do Chaoimhín an cló beag, na téarmaí agus coinníollacha ar fad sa pholasaí árachais a léamh. |
| Ba cheart do Chaoimhín tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí a chaitheann go maith lena bhfostaithe agus a thugann rud éigin ar ais don tsochaí. |
| Ba cheart go mbeadh a chearta dlíthiúla ar eolas ag Caoimhín agus é ag siopadóireacht le haghaidh árachais. |
| Ba chóir do Chaoimhín an margadh is fearr a chuardach chun an luach is fearr ar airgead a fháil. |
| Ba cheart do Chaoimhín an oiread eolais agus is féidir a fháil faoin bpolasaí sula gceannóidh sé é. |
| Ba cheart do Chaoimhín an fhírinne a insint i gcónaí agus an fhoirm thogra á líonadh. Meon lánmhaith |

**(v)** Cheannaigh Caoimhín árachas cuimsitheach, a raibh €500 mar bharrachas an pholasaí air. Ar an drochuair, bhí timpiste ag Caoimhín agus rinneadh luach €2,500 de dhochar dá charr.

Agus an bosca thíos á úsáid agat, ríomh cé mhéad cúitimh a gheobhaidh Caoimhín óna chuideachta árachais. Taispeáin an obair a dhéanann tú. **(3m)**

| Obair: | Freagra: |
|---|---|
| 2,500 - 500 =2,000 | €2,000 |

**(vi)** Déan cur síos ar an tslí a rachaidh an t-éileamh sin i bhfeidhm ar phréimh árachais Chaoimhín an bhliain seo chugainn. **(3m)**

| |
|---|
| Beidh ar Chaoimhín níos mó a íoc as árachas cairr an bhliain seo chugainn/préimh níos airde/mhéadaithe. |
| Caillfidh Caoimhín a lascaine/bónas cheal éilimh. |

**(b)** Thosaigh Caoimhín i bpost nua mar ábhar cuntasóra. Is é €32,000 in aghaidh na bliana an tuarastal atá aige. Is trí Paypath a íoctar é, agus uair sa mhí a chuirtear an íocaíocht go díreach isteach ina chuntas reatha bainc.

**(i)** Cuir tic (✓) a chur sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo a leanas. **(6m)**

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Is é is tuarastal ann ná méid seasta airgid a fhaigheann fostaí | ✓ | |
| Dá mhéad uaireanta a oibríonn fostaí, is ea is mó pá a fhaigheann an fostaí sin | ✓ | |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann Caoimhín as Paypath. **(2 x 3m)**

| |
|---|
| Tá sé níos sábháilte ná airgead tirim nó seic mar go gcinntítear go rachaidh an t-airgead díreach isteach i gcuntas Chaoimhín gan aon bhaol go gcaillfidh sé an t-airgead tirim nó an tseic. |
| Áisiúil- Is féidir le Caoimhín breathnú ar líne nó ar UMB chun a chuid eolais baincéireachta a fháil, ní chaithfidh sé dul go dtí an banc chun a thuilleamh a thaisceadh. |
| Tá sé iontaofa/tapa – cuirfear pá Chaoimhín isteach ina chuntas ar dháta agus am sonraithe – beidh sé ábalta íocaíochtaí amach as a chuntas a shocrú gan bheith buartha nach ndeachaigh a thuarastal isteach ina chuntas chun na híocaíochtaí sin a chlúdach. |
| Neamhdhíobhálach don chomhshaol - níl aon pháipéar ag baint le híocaíochtaí Pathway, rud a laghdaíonn a lorg carbóin. |

**(iii)** Tá Caoimhín ag obair ón mbaile. Sainaithin **dhá** fhreagracht atá air i leith a fhostóra. **(2 x 3m)**

| |
|---|
| Caithfidh Caoimhín a chuid dualgas a chomhlíonadh mar a shonraítear ina chonradh fostaíochta. |
| Caithfidh Chaoimhín meas a léiriú ar chomhghleacaithe agus ar chustaiméirí/gan idirdhealú a dhéanamh in aghaidh fostaithe eile nó bulaíocht a dhéanamh orthu. |
| Ní mór do Chaoimhín cloí le dlíthe sláinte agus sábháilteachta/ Rialacha an ionaid oibre a leanúint. |
| Ní mór do Chaoimhín rialacháin RGCS a leanúint / gan faisnéis rúnda gnó/custaiméara a nochtadh |
| Caithfidh Caoimhín tosú ag obair in am/ líon na n-uaireanta a theastaíonn go laethúil ina chonradh a chur i gcrích. |
| Caithfidh Kevin freastal ar oiliúint a chuireann an gnólacht ar fáil. |
| Caithfidh Caoimhín lá cothrom oibre a dhéanamh chun pá cothrom lae a fhail. |

**(c)** Agus ioncam seasta ag Caoimhín anois, tá sé beartaithe aige tosú ar airgead a choigilt.

**(i)** Déan liosta de **thrí** chúis le hairgead a choigilt. **(3m)**

| |
|---|
| Le haghaidh caiteachais atá beartaithe amach anseo nó sampla. |
| Le haghaidh éigeandálaí/teagmhais neamhbheartaithe nó sampla. |
| Le haghaidh mórimeachtaí teaghlaigh nó sampla. |
| Le haghaidh scoir. |
| Chun do rátáil chreidmheasa a fheabhsú. |
| Chun ús a thuilleamh. |

**(ii)** Tá ús a shaothraítear ar choigilteas faoi réir CCÚT (DIRT i mBéarla). **(4m)**
Céard dó a seasann CCÚT?

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cáin | Choinneála | Ús | Taisce |

**(iii)** Tá sé beartaithe ag Caoimhín €8,000 a choigilt i mbliana. Bailíonn sé eolas faoi dhá áit a bhféadfadh sé airgead a choigilt agus seo é an t-eolas sin.

**An Post**

post

**Ráta coigiltis 3%**
**Gan CCÚT**

**Banc tráchtála**



**Ráta coigiltis 4%**
**CCÚT 33%**

Agus an t-eolas thuas á úsáid agat, ríomh an t-ús a gheobhaidh sé i gcás gach ceann de na roghanna **agus** ríomh an luach iomlán ar choigilteas Chaoimhín i ndiaidh bliain amháin. **(8m)**

| **An Post** | **Banc Tráchtála** |
|---|---|
| Obair:<br>€8,000 x 3% x 1 bhliain = €240 ús<br><br>Iomlán €8,000 + €240 = €8,240 OF | Obair:<br>€8,000 x 4% x 1 bhliain = €320 ús<br>CCÚT 33% x €320 = €105.60 OF<br>Ús – CCÚT = €320- €105.60 = €214.40 OF<br>Iomlán = €8,000 + €214.4 = €8,214.40 OF |
| Ús faighte: €240<br>Coigilteas iomlán: €8, 240 | Ús Faighte: €214.40<br>Coigilteas iomlán: €8, 214.40 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 270 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 270 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 202 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 203 | 20 |
| 204 - 206 | 19 |
| 207 - 210 | 18 |
| 211 - 213 | 17 |
| 214 - 216 | 16 |
| 217 - 220 | 15 |
| 221 - 223 | 14 |
| 224 - 226 | 13 |
| 227 - 230 | 12 |
| 231 - 233 | 11 |
| 234 - 236 | 10 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 237 - 240 | 9 |
| 241 - 243 | 8 |
| 244 - 246 | 7 |
| 247 - 250 | 6 |
| 251 - 253 | 5 |
| 254 - 256 | 4 |
| 257 - 260 | 3 |
| 261 - 263 | 2 |
| 264 - 266 | 1 |
| 267 - 270 | 0 |
| | |